An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Council for Special Education

Eolas do Thuismitheoirí/ Caomhnóirí Leanaí agus Daoine Óga faoi Mhíchumas Fisiceach

Sa bhileog seo tá sé i gceist eolas a thabhairt do thuismitheoirí is do chaomhnóirí maidir le tacaíochtaí agus le seirbhísí atá ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga faoi mhíchumas fisiceach agus dá muintir.

An Luath-Óige

Conas a fhaightear amach go bhfuil leanbh nó páiste óg faoi mhíchumas fisiceach?

De ghnáth aithnítear go bhfuil míchumas fisiceach ar leanbh nó ar pháiste óg ar uair na breithe nó trín seiceáil a dhéanann an banaltra sláinte phoiblí san ionad sláinte áitiúil ar gach leanbh in Éirinn agus iad 9 mí, 18 mí agus dhá bhliain d'aois. Thairis sin d'fhéadfadh péidiatraí in ospidéal an measúnú a dhéanamh.

Maidir le míchumas fisiceach d'fhéadfadh mórán cineálacha mar spina bifida, hidriceifileas, diostróife mhatánach, parailis ceirbreach, cnámh briosc, haemaifilia, fiobróis chisteach nó aicíd éigin eile a bheith ann ón tús. Uaireanta bíonn gortú trom de thimpiste nó gortú inchinne i gceist freisin.

Má tá aon imní ort faoi do leanbh ag dul chun cinn go fisiceach ba chóir é sin a chur in iúl láithreach bonn don bhanaltra sláinte phoiblí nó don dochtúir teaghlaigh. Más gá féadfar an leanbh a sheoladh chuig an tSeirbhís Luath-Idirghabhála atá ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó b'fhéidir eagraíocht dheonach mar An Lárchlinic Feabhais nó Enable Ireland a fhaigheann maoiniú ó FSS. Ní mar a chéile iad na seirbhísí i ngach réigiún agus braitheann sé ar an an gcineál míchumais a bhíonn i gceist.

Luath-Idirghabháil

Chun go rachaidh siad chun cinn tá sé ríthábhachtach tacú le leanaí faoi mhíchumas chomh luath agus is féidir. Mar thuismitheoirí, féadfar tacú le dul chun cinn agus an leanbh fós an-óg. Ar an dul céanna beidh lucht proifisiúnta a bhíonn ag plé le forbairt leanaí óga agus le míchumas fisiceach in ann tacú leatsa mar thuismitheoir.

Oibríonn Meithil Luath-Idirghabhála FSS le teaghlaigh i dtreo an tacaíocht is fearr a thabhairt dóibh. Ní mar a chéile gach meitheal ach páirteach iontu bíonn fisiteiripeoirí, teiripeoir urlabhra agus teanga, teiripeoir ceirde, síceolaí, oibrí sóisialta, oide luath-óige, banaltara agus péidriatraí. Maidir le seirbhísí agus le tacaíochtaí a dhíríonn ar neamhspleáchas an linbh, de réir gá, bíonn teiripe ar fáil do leanbh aonair nó do ghrúpa, eolas agus cúrsaí do thuismitheoirí chomh maith le trealamh gluaiseachta nó teicniúil mar ríomhaire don obair scoile.

Measúnú Riachtanais

Faoin Acht Míchumais féadfaidh tuismitheoirí aon linbh a rugadh tar éis 1 Meitheamh 2002 Measúnú Riachtanais a lorg ó FSS más dóigh leo go bhfuil an leanbh faoi mhíchumas. An measúnú déanta, gheobhaidh siad Tuairisc Mheasúnaithe a mhíneoidh riachtanais an linbh, más ann dóibh, agus na seirbhísí cuí chun freastal orthu. Má bhíonn gá lena leithéid, ullmhófar ráiteas seirbhísí a shonraíonn na seirbhísí sláinte a chaithfear a sholáthar agus míneofar na hacmhainní a bheidh ar fáil.

Tacaíocht a fháil

Más léir duit go bhfuil do leanbh faoi mhíchumas fisiceach ba chóir an tacaíocht chuí a lorg láithreach bonn. Seachas na Seirbhísí Sláinte, d'fhéadfadh muintir, cairde nó tuismitheoirí/caomhnóirí eile ag a bhfuil an scéal céanna cabhrú leat freisin. B'fhiú smaoineamh ar dhul chuig eagraíochtaí a thugann treoir do thuismitheoirí agus a chuireann comhairle orthu.

Sa lá atá inniu ann is minic eolas á lorg ar an idirlíon. Ní mór a mheabhrú, áfach, gur minic áibhéil ansiúd agus eolas a bhíonn míchruinn nó a chuirfeadh an duine amú. Maidir le sláinte agus le hoideachas an linbh, ba chóir dul chuig na foinsí cuí proifisiúnta.

Oideachas an Linbh

Tacaítear sna scoileanna le leanaí faoi mhíchumas fisiceach agus is minic a éiríonn go han-mhaith leo is iad ag dul ar aghaidh chuig breisoideachas agus oideachas tríú leibhéil. Ní gá go mbeadh riachtanais speisialta oideachais ag leanbh atá faoi mhíchumas fisiceach. B'fhéidir nach mbeadh ach beagán riachtanas foghlama ag leanbh atá go mór faoi mhíchumas fisiceach agus arís d'fhéadfadh leanbh ar bheagán míchumas fisiceach a bheith i ngátar trom tacaíocht fhoghlama.

Réamhscolaíocht

Maoiníonn an Stát (Scéim ECCE) réamhscolaíocht saor in aisce do gach leanbh incháilithe sa bhliain réamhscoile, leanaí faoi mhíchumas san áireamh. Tá tuilleadh sonraí ar www.dcya.gov.ie.

Má tá leanbh páirteach sa tseirbhís luath-idirghabhála, b'fhéidir go bhféadfadh an tseirbhís sin comhairle a chur ort maidir le réamhscoil a roghnú is le haon tacaíocht oiriúnach eile réamhscolaíochta.

Bunscoil agus Iarbhunscoil

Téann formhór na leanaí atá faoi mhíchumas fisiceach chuig bunscoil agus iarbhunscoil áitiúil i dteannta cách agus an curaclam céanna ar siúl acu. Téann líon beag ag a bhfuil riachtanais áirithe eile chuig scoil nó rang speisialta a dhéanann cúram de riachtanais oideachais speisialta. Ina leithéid de chás is ranganna beaga a bhíonn ann.

Ag brath ar an gcineál míchumais, b'fhéidir gur mhór a chinntiú le Príomh-Oide na scoile go bhfuil an rochtain oiriúnach don leanbh (baineann sé seo le clós súgartha agus leithris chomh maith le seomraí ranga agus halla). D'fhéadfadh an scoil cur isteach ar dheontas chun na cúrsaí úd a fheabhsú, mar shampla trí rampaí a chur isteach nó trí leithreas inrochtana a sholáthar. Tá na tacaíochtaí seo a leanas ar fáil don leanbh ar scoil:

- Tacaíonn an múinteoir ranga le daltaí ag a mbíonn riachtanais oideachais speisialta agus féadfar ceachtanna nó saothar a mhaolú don dalta más gá.
- Tugann múinteoir acmhainne nó tacaíocht fhoghlama breis ceachtanna más gá.
- I gcás daltaí a mbíonn cúram suntasach ag teastáil uathu mar gheall ar mhíchumas fisiceach, féadfaidh cúntóir um riachtanais speisialta (SNA) tacú leo. Bíonn an SNA freagrach as an gcúram agus an muinteoir freagrach as an dteagasc. Cuimsíonn an cúram seo cúrsaí éadaigh, bia, leithris agus gluaiseachta. Sa réimse seo, de réir gá, tugtar cúnamh ar feadh tréimhse in aghaidh an lae nó go lánaimseartha. Tá míniú ar na cúinsí um dháileadh SNA i gCiorclán 0030/2014, atá ar fáil ar shuíomh idirlín an ROS ag: www.education.ie.
- Teicneolaíocht Chúnta, mar shampla ríomhaire glúine/táibléid ar a mbíonn bogearraí curtha in oiriúint, luamháin stiúrtha, méarchláir, ceapacha tadhaill (féach Ciorclán ROS 0010/2013).
- Bíonn socruithe speisialta do chúrsaí iompair scoile, mar shampla tionlacan agus úim shábháilteachta más gá, ar fáil do leanaí a bhíonn ina dteideal.
- Tugtar deontais do scoileanna chun troscán agus trealamh speisialta a bhíonn ceadaithe ag an ROS a cheannach.

- Cuirtear foirgnimh scoile in oiriúint más gá, mar shampla cuirtear isteach ardaitheoirí, rampaí nó trealamh ardaithe.
- Féadfar Socruithe Réasúnta i Scrúduithe Teastais (RACE) a chur ar fáil do dhaltaí a mbíonn dálaí ar bhonn buan nó fadtéarmach acu a chuirfeadh isteach go mór ar a gcuid oibre sna scrúduithe. Tá breis eolais faoin ábhar seo ar shuíomh idirlín Choimisiúin na Scrúduithe Stáit: www.examinations.ie.

Eagraithe Riachtanas Oideachais Speisialta (SENOs)

Cuireann SENO seirbhís ar fáil go díreach do thuismitheoirí leanaí/daoine óga ag a mbíonn riachtanais oideachais speisialta agus do scoileanna. Ceadaíonn na SENO teagasc breise agus tacaíochtaí SNA sna scoileanna, de réir gá, chun tacú le daltaí ag a mbíonn riachtanais oideachais speisialta. Is acmhainn luachmhar iad na SENO do thuismitheoirí mar a leanas:

- Tugtar tacaíocht agus comhairle.
- Aithnítear socrúchán oiriúnach scoile don leanbh.
- Déantar teagmháil leis an scoil, le FSS agus le seirbhísí eile.
- Tugtar cúnamh maidir le trasnú an linbh chun scoile, idir scoileanna agus ar aghaidh arís nuair atá an leanbh réidh le scolaíocht.

Tá liosta iomlán SENO maraon le seoltaí ar fáil ag www.ncse.ie.

An Roinn Oideachais agus Scileanna: Polasaí

I bpolasaí na Roinne dírítear ar a chinntiú gur féidir le gach leanbh, iad siúd atá faoi mhichumas fisiceach san áireamh, teacht ar oideachas a bheidh oiriúnach dá gcuid riachtanas agus buanna féin. Tá sé mar pholasaí againn freastal orthu siúd ag a mbíonn riachtanais oideachais speisialta, míchumas fisiceach san áireamh, laistigh de ghnáthscoileanna i dteannta cách ach amháin más léir nach rachadh a leithéid de shocrú chun leas an linbh nó chun leas na leanaí a bheadh ar scoil ina theannta. Do leanaí ag a bhfuil riachtanais eile atá níos casta, tá tacaíocht ar fáil i rang speisialta sa ghnáthscoil. Bíonn rogha ag na leanaí seo, más cuí, bheith in éineacht le daltaí eile agus ag plé leo go páirtaimseartha nó go lánaimseartha. Uaireanta bíonn riachtanais leanaí chomh casta san gur fearrde iad a bheith ag freastal ar scoil speisialta.

Seirbhísí sláinte don leanbh in aois scoile

Soláthraíonn FSS agus seirbhísí neamhreachtúla (mar Enable Ireland agus An Lárchlinic Feabhais) seirbhísí agus tacaíochtaí sláinte do leanaí in aois scoile, teiripeoirí agus oibrithe sóisialta san áireamh. Chomh fada agus is féidir oibreoidh lucht proifisiúnta sláinte go dlúth leis an scoil chun plé le tacaíocht ina hiomláine do riachtanais an linbh. Nuair a théann an leanbh ar scoil féadfar aistriú ón Mheitheal Luath-Idirghabhála go dtí an Meitheal áitiúil Aois Scoile nó gheofar eolas ar sheirbhísí sa cheantar ón bpéidiatraí nó ón mBainisteoir Seirbhísí Míchumais FSS.

Eolas breise

Chun cur le neamhspleáchas ginearálta do lucht míchumais tá réimse leathan fearais agus teicneolaíochta ar fáil. Tá an t-eolas ar shuíomh idirlín An Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh ag www.assistireland.ie. Bíonn eolas ar fáil freisin ag www.enableireland.ie.

Tá eolas ó ranna éagsúla stáit faoi liúntais, cúram leighis, áiseanna agus fearas, faoiseamh agus sochair chánach, taisteal, gluaiseacht agus teach a chur in oiriúint. Foilseachán úsáideach leis is ea 'Entitlements for people with disabilities 2012' ag: www.citizensinformationboard.ie/publications/providers/downloads/entitlements_for_people_with_disabilities_2012.pdf.

Gheobhaidh tuismitheoirí/caomhnóirí breis eolais i bhfoilseacháin NCSE:

- ***Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu: Leabhrán Eolais le haghaidh Tuismitheoirí***
- ***Roghnú Scoile: Treoir do Thuismitheoirí agus do Chaomhnóirí Leanaí agus Daoine Óga a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu***
- ***Eolas ar Oideachas agus Oiliúint Iar-Scoile maidir le Roghanna do Dhaoine Fásta agus Fágálaigh Scoile faoi Mhíchumas***

Iad san go léir ag www.ncse.ie

Liosta Teagmhála

Is féidir teacht ar an **SENO** áitiúil tríd an scoil nó ag www.ncse.ie.

An Roinn Oideachais agus Scileanna: www.education.ie.

An tIonad Sláinte Áitiúil: www.hse.ie.

D'fhéadfá a bheith i dteideal tacaíochtaí eile agus gheofar an t-eolas cuí ar shuíomh idirlín **Faisnéis do Shaoránaigh** ag: www.citizensinformation.ie nó ó na Ranna Stáit cuí.

Eagraíochtaí tacaíochta

AHEAD – Association for Higher Education Access & Disability: www.ahead.ie.

An Lárchlinic Feabhais: www.crc.ie.

An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh: www.citizensinformationboard.ie.

Enable Ireland: www.enableireland.ie.

Irish Kidney Association: www.ika.ie.

Irish Wheelchair Association: www.iwa.ie.

Multiple Sclerosis Society Ireland: www.ms-society.ie.

Muscular Dystrophy Ireland: www.mdi.ie.

Comhairle Náisiúnta Tuismitheoirí (bunscoil): www.npc.ie.

Comhairle Náisiúnta Tuismitheoirí (iarbhunscoil): www.npcpp.ie.

Neurological Alliance of Ireland: www.nai.ie.

Spina Bifida and Hydrocephalus Ireland: www.sbhi.ie.

Special Needs Parents Association: www.specialneedsparents.ie.

The Irish Epilepsy Association: www.epilepsy.ie.

Tabhair faoi deara led thoil gur ar son an eolais atá an liosta seo agus nach liosta iomlán é. Tá gach seans nach raibh aon bhaint ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta leis na heagraíochtaí agus nach féidir leo dul i mbannaí orthu ná ar a gcuid foirne. Ba chóir do thuismitheoirí a bheith lánchinnte i gcónaí maidir le hoiriúnacht eolas ar bith faoin leanbh a thabhairt d'aon tríú páirtí.

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Council for Special Education

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

1-2 Sráid an Mhuilinn, Baile Átha Troim, Co. na Mí.
Teil.: 046 948 6400
Líon: www.ncse.ie
R-phost: info@ncse.ie